Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, BÁC 9, Éire. Teil.: **+353-1-700 8200** Facs: **+353-1-700 8210** Láithreán Gréasáin: **www.ncte.ie**

National Centre for Technology in Education
Ionad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas

8 Eanáir 2010

Tag: Seimineár inseirbhíse do Phríomhoidí faoi phleanáil a dhéanamh do ICT (2010)

A Phríomhoide, a chara,

Sa bhreis ar an gcomhfhreagras a sheolamar chugat an 19 Deireadh Fómhair 2009 maidir le seimineáir inseirbhíse do Phríomhoidí faoi phleanáil a dhéanamh do ICT, féach thar an leathanach, le do thoil, le haghaidh an sceidil de sheimineáir a bheidh ar siúl i d'Ionad Oideachais sa bhliain 2010. An aidhm leis na ceardlanna ná forbhreathnú a thabhairt do phríomhoidí ar céard atá i gceist le pleanáil a dhéanamh do ICT agus roinnt comhairle agus roinnt faisnéise praiticiúla a chur ar fáil faoi na tacaí ar fáil duitse agus do do mhúinteoirí agus sibhse ag cur úsáid ICT chun cinn i dteagasc agus i bhfoghlaim.

Beidh an seimineár aon lae (9.15 r.n.–3 i.n.) dírithe ar:

- Plean Foghlama Leictreonaí na scoile a fhorbairt
- creataí soláthair
- tacaí ar fáil do mhúinteoirí agus do scoileanna
- leas a bhaint as forbairt ghairmiúil ICT
- uirlisí agus acmhainní ar líne do mhúinteoirí agus do dhaltaí

Má tá tú cleamhnaithe le ceann de na hIonaid luaite thar an leathanach ní mór duit an **Fhoirm Chláraithe faoi iamh a chomhlánú agus í a sheoladh ar ais chuig d'Ionad Oideachais áitiúil (Ní chuig an NCTE)** ar nó roimh an 28ú Eanáir 2010, go háirithe i gcás go mbeidh do sheimineár ar siúl i mí Feabhra 2010.

Scoileanna Gaeltachta agus Gaelscoileanna – Seachadfar seimineáir trí mheán na Gaeilge in **Ionad Oideachais Bhaile Átha Luain** idir an **17ú Bealtaine agus an 21ú Bealtaine 2010.**

Tá dátaí na seimineár uile agus sonraí teagmhála do sheoladh ar ais na bhfoirmeacha cláraithe liostaithe thar an leathanach, agus tá siad ar fáil ar láithreán gréasáin an NCTE, www.ncte.ie, chomh maith.

I gcás go mbeidh múinteoir ionaid ag teastáil fad agus a bheidh tú as láthair ón scoil, ba chóir duit éileamh a dhéanamh tríd an gcóras éileamh ar líne.

Aithním an obair atá déanta agat go dtí seo chun comhtháthú ICT le hobair do scoile a chur chun cinn agus tá súil agam go mbeidh tú in ann freastal ar an seimineár. Ba bhreá liom buíochas a ghabháil leat as do thacaíocht agus as do chomhoibriú leanúnach.

Is mise le meas,

Jerome Morrissey - *Stiúrthóir*